# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

15 Deireadh Fomhair 2020

## COMÓRTAS REIC

Tá comórtas ag REIC! Iarrtar ort físeán d'ábhar cruthaitheach de do chuid féin: dán, rap, ceol, scéalaíocht: do rogha rud, a sheoladh ar aghaidh chucu! Caithfidh na hiarratias a bheith i nGaeilge nó i nGaeilge den chuid is mó agus a bheith idir nóiméad agus chúig nóiméad ar fhad!Saothar úrnua a chaithfeas a bheith ann nó ar a laghad ar bith saothar nach raibh fáil air cheana féin i bhfoirm físeáin. Tá costas €5 ar a bheith páirteach ann. Painéal moltóirí a roghnóidh na buaiteoirí. Tá trí dhuais ar luach €100 an ceann le buachan.
Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 6 Samhain. Tá breis eolais le fáil ag reic.eire @gmail.com.
Go n-éirí libh!




## OIFIGEACH FORBARTHA AG TEASTÁIL Ó GHAELOIDEACHAS

Tá post d'oifigeach forbartha le cúram ar leith don oideachas Gaeltachta, fógartha ag **Gaeloideachas**. Post lánaismeartha, ar chonradh trí bliana atá ann. Beidh an té a cheapfar lonnaithe san oifig Ghaeltachta in Indreabhán nó sa bpríomhoifig i Marino i mBaile Átha Cliath. Tá tuilleadh eolais, foirm iarratais agus sainchuntas poist le fáil ach ríomhphost a sheoladh go dtí foluntais@gaeloideachas.ie. Dé hAoine 30 Deireadh Fómhair 2020 an spriocdháta. Go n-éirí go geal le chuile dhuine a dhéanann iarratas!




## CEILIÚRADH AR AN GCADHNACH!

Leathchéad bliain ó shin, ar an 18 Deireadh Fómhair 1970 a bhásaigh **Máirtín Ó Cadhain** - sárlaoch litríocht na Gaeilge sa 20ú aois. Ar an gCnocán Glas, taobh thiar den Spidéal a rugadh agus a tógadh Máirtín agus is ann a fuair sé go leor den ábhar a chothaigh a chuid scríbhneoireachta idir ábhar cruthaitheach, poilitiúil agus fealsúnach. Tá ciorcal léitheoireachta beartaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar a chuid gearrscéalta. Tiocfaidh buíon léitheoirí le chéile chuile re Domhnach ag 7.30 i.n ón 18/10 ar aghaidh. Scéalta as an leabhar Máirtín Ó Cadhain: Rogha Scéalta a pléifear. Tá an leabhar ar fáil ó Chló Iar-Chonnacht faoi láthair, ar lascaine 20%, ag €12. Más maith leat a bheith ag léamh nó má bhí rún agat tabhairt faoi shaothar Uí Chadhain uair éicint: tapaigh an deis! Níl le déanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com le clárú agus an scéal **An Taoille Tuile** a léamh roimh an 18/10

## SEACHTAIN NA MATA 2020

Tá Seachtain na Mata 2020 linn! Tá neart acmhainní cruinnithe ag Gaeloideachas don ócáid, ag freastal ar chuile leibhéal oideachais agus do thuismitheoirí don Mhatamaitic trí mheán na Gaeilge. Tá cluichí, scéalta, tacaíochtaí, comhairle agus físeáin ar fáil ar an suíomh gréasáin: www.gaeloideachas.ie
Maireann Seachtain na Mata ón 10-18ú Deireadh Fómhair 2020.




## SEOLADH OIFIGIÚIL: SLÍ NA BHFILÍ

Sheol Muintearas **Slí na bhFilí** le gairid. Cruthaíodh **Slí na bhFilí** le gur féidir turas a dhéanamh go fíorúil nó beo sa gceantar ag baint leas as mapaí google. Ghlac Liam Ó Maonlaí, Peadar Ó Riada, Megan Nic Ruairí, Joanne Mac Intyre, Rodney Mac Donald, Lewis MacKinnon agus Deirdre Sweeney páirt sa seoladh. Má chaill tú an ócáid, tá sé ar fáil ar líne, ar chuntas FB Muintearas Físeáin nó is féidir breathnú air ag an suíomh idirlín: www.muintearas.com freisin.

## CÚL AN TÍ AR MHOLSCÉAL

D'fhoilsigh Molscéal físeán breá le deireanaí ag tabhairt cuairte ar Chúl an Tí eagraíocht ealaíne atá lonnaithe i gCeardlann an Spidéil. Tá roinnt tionscadail spéisiúla idir lámha acu, cosúil leis an leabharlann shoghluaiste a réitigh siad don cheantar, agus tugtar léargas ar obair an ghrúpa sa bhfíseán atá ar fáil ar chuntas Facebook: Molscéal.

## POST LE GAEL-FHORBAIRT NA GAILLIMHE TEO.

Tá Gael-Fhorbairt na Gaillimhe Teo sa tóir ar Oifigeach Forbartha Gaeilge. Caithfidh taithí i réimse forbartha na Gaeilge a bheith ag an té a cheapfar. Conradh go dtí 30 Meitheamh 2021 ag tosú láithreach atá ann. Seol litir iarratais agus CV chuig peadar@cnag.ie Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 16ú Deireadh Fómhair
Go n-éirí go geal le chuile dhuine a chuireann isteach ar an bpost!

## BISEACH 2020 LE SEOLADH

Fógraíodh le gairid go mbeidh **BISEACH 2020** á sheoladh ar **Iris Aniar** ar Raidío na Gaeltachta Déardaoin seo chugainn 22 Deireadh Fómhair. Beidh plé iomlán ar iris na bliana seo agus beidh cuid de na húdair ar an gclár, á phlé.
Tá BISEACH á fhoilsiú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige go bliantúil le 53 bliain anuas. Fuair an Cumann Forbartha an dea-scéal le deireanaí, go mbeidh deontas €3,000 ar fáil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, mar aitheantas ar iris d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá an pobal ag súil go mór leis!

## €280,000 BRONNTA AR EALAÍONTÓIRÍ GAELTACHTA

Beidh ceathrú milliún euro á bhronnadh ar ealaíontóirí Gaeltachta le tacaíocht a thabhairt don earnáil le linn na paindéime. Bhronn **Ealaín na Gaeltachta** sparánachtaí suas go €6,000 an ceann ar 57 ealaíontóirí Gaeltachta idir scríbhneoirí, ceoltóirí, grúpaí drámaíochta agus ealaíontóirí aitheanta. Chuir Clár **Éire Ildánach** an maoiniú ar fáil mar chuid de chlár spreagtha mhí Iúil chun cúnamh a thabhairt d'ealaíontóirí. Tá an t-aisteoir Dónall Ó Héalaí as Cois Fharraige ar dhuine de na daoine ar bronnadh sparántacht air le script a scríobh. Bronnadh sparántachtaí ar Dharach Mac Con Iomaire, stiúrthóir Cuan sa Spidéal agus ar Mhike P Ó Conaola as an Sidheán sa Spidéal freisin. Is iontach an dea-scéal é seo don earnáil.
Treise leo!

## SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL...



Comhghairdeachas ó chroí le hAoife Ní Neachtain as Baile na hAbhann a ghlac páirt i dTogra Oidhreachta le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga le gairid. Rinne Aoife tionscnamh iontach ar na Blácaigh a bhíodh ina dtiarnaí talún i gceantar Chois Fharraige, tráth dá raibh. Tá sé i gceist ag an bhFóram go mbeidh deis ag Aoife a saothar breá a spáint don phobal nuair a maolaítear ar na srianta. Tá sár obair déanta ag Aoife agus bhain an Fóram an-taitneamh ar fad as a bheith ag obair léi. Maith thú Aoife!

Tá físeáin áille á bhfoilsiú ag Cúla4 faoi láthair ina léirítear scríbhneoirí aitheanta i mbun léitheoireachta. Bhí Patricia Forde ag léamh a leabhar *An t-Oileán Thiar* an tseachtain seo. Tá na físeáin le feiceáil anois, ar chuntas Facebook Cúla4!







Seol pictiúr nó físeán díot féin gléasta i do chulaith Shamhna le **Bob nó Beart** fíorúil a bhualadh! Ba bhreá linn bhur gcuid cultacha iontacha a fheiceáil agus na scéalta, amhráin nó rannta Oíche Shamhna is fearr libh a chloisteáil uaibh! Taispeánfar na pictiúir agus na físeáin ar na meáin shóisialta le linn na deireadh seachtaine: 30ú – Lá Samhna. Seol na pictiúir/físeáin ar WhatsApp @ 083 010 6294.Glacfar le pictiúir agus físeáin suas go dtí 31 Deireadh Fómhair. Duaiseanna le buachan!!

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## OIFIG AN FHÓRAIM

Crochadh comhartha an Fhóraim ar an oifig nua le gairid! Tá an láthair suite in Inis Fáil ar phríomhshráid an Spidéil. Is ag obair ón mbaile atá Katie agus Aoife, na hOifigigh Pleanála Teanga faoi láthair dar ndóigh ach beidh siad ar fáil beo sa láthair don phobal an dá luath is a mhaolaítear ar na srianta. Idir an dá linn, is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag optchoisfharraige @gmail.com nó is féidir glaoch a chur ar 083 010 6294. Is fada leo beirt go mbeidh siad in ann fáilte a chur roimh mhuintir Chois Fharraige san oifig!

